Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Lúnasa 2021**
**(OR. en)**

**11370/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0277 (NLE)**

**WTO 193**
**COLAC 57**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 484 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil idir an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an tAontas i ndáil le modhnuithe ar Aguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 484 final.

Faoi iamh: COM(2021) 484 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.8.2021
COM(2021) 484 final

2021/0277 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil idir an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an tAontas i ndáil le modhnuithe ar Aguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil idir an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an tAontas Eorpach i ndáil le cinneadh atá sé beartaithe a ghlacadh ón gCoiste um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile (‘an Comhaontú Trádála’)[1].

Baineann an cinneadh le nuashonrú lena léirítear Córas Comhchuibhithe (CC)[2] 2012 agus 2017, maidir leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe (‘rialacha táirgeshonracha’), mar atá in Aguisíní 2, 2A agus 5 d’Iarscríbhinn II, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus maidir le modhanna comhair riaracháin (‘Iarscríbhinn II’).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Trádála idir an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an tAontas Eorpach

Tá sé d’aidhm ag an gComhaontú Trádála méadú ar an trádáil dhéthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú. Tá an Comhaontú Trádála á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Márta 2013 le Peiriú, leis an gColóim ón 1 Lúnasa 2013 agus le hEacuadór ón 1 Eanáir 2017.

### 2.2. An Coiste um Thrádáil

Chun cuspóirí an Chomhaontaithe Trádála a bhaint amach, féadfaidh an Coiste um Thrádáil modhnuithe a dhéanamh ar na rialacha tionscnaimh sonracha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála. Is de chomhthoil ionadaithe an Aontais agus ionadaithe na dtíortha Aindéacha is sínitheoirí (an Cholóim, Eacuadór, Peiriú) a ghlacfaidh sé aon chinneadh.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Thrádáil

Is trí nós imeachta i scríbhinn atá an Coiste um Thrádáil chun cinneadh a ghlacadh maidir le hAguisíní 2, 2A agus 5 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála. Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe na rialacha tionscnaimh ‘táirgeshonracha’ a nuashonrú chun iad a thabhairt i gcomhréir le leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (CC).

Éireoidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le mír 2 d’Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála, lena bhforáiltear go mbeidh “cinntí arna nglacadh ag an gCoiste um Thrádáil ina gceangal ar na Páirtithe, a dhéanfaidh gach beart is gá lena gcur chun feidhme”.

---

[1] Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile (IO L 354, 21.12.2012, lch. 3)

[2] Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (Coinbhinsiún CC)

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cumhdaítear sa ghníomh atá beartaithe Aguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála maidir le rialacha tionscnaimh 'táirgeshonracha'. Tar éis an 7ú cruinniú den Fhochoiste um Chustaim, Éascú Trádála, agus Rialacha Tionscnaimh idir an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an tAontas an 4-6 Samhain 2019, agus tar éis comhfhreagras ina dhiaidh sin, comhaontaíodh na rialacha tionscnaimh 'táirgeshonracha' a nuashonrú chun iad a thabhairt i gcomhréir le leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe (CC). Ní mór mionbhotúin a cuireadh isteach sna hAguisíní a cheartú freisin.

*Aguisíní 2 agus 2A a ghabhann le hIarscríbhinn II*

Leagtar amach in Aguisín 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe. Tá foscríbhinn leis an liosta sin in Aguisín 2A a ghabhann le hIarscríbhinn II. Tá na rialacha táirgeshonracha sin bunaithe ar leagan 2007 den Chóras Comhchuibhithe (CC), ar córas é atá anois as dáta de thoradh nuashonruithe a rinneadh in 2012 agus 2017. Tá sé d'aidhm ag an ngníomh atá beartaithe na nuashonruithe sin a léiriú.

*Aguisín 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II*

Maidir le táirgí tionscnaimh éisc mara áirithe a onnmhairítear chuig an Aontas Eorpach ó Pheiriú, tá siad faoi réir cuótaí bliantúla agus leagtar amach sonraí na gcuótaí sin in Aguisín 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II. Fearacht Aguisíní 2 agus 2A, ní mór sin a nuashonrú chun athruithe a rinneadh ar an gCóras Comhchuibhithe (CC) in 2012 agus in 2017 a léiriú.

Is de dhea-chleachtas an Aontais é na rialacha tionscnaimh 'táirgeshonracha' a nuashonrú i gcomhréir le nuashonruithe ar an gCóras Comhchuibhithe (CC). Tiocfaidh Córas Comhchuibhithe (CC) 2022 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022, ach mar sin féin, tá sé fós tairbheach na hathruithe a rinneadh ar an gCóras Comhchuibhithe in 2012 agus in 2017 maidir le rialacha tionscnaimh 'táirgeshonracha' a léiriú ós rud é go mbeidh sé níos fusa ag onnmhaireoirí comhghaolta a dhéanamh le Córas Comhchuibhithe (CC) 2022.

Baineann an togra le cur chun feidhme comhaontaithe um thrádáil fhabhrach a tugadh i gcrích mar chuid den chomhbheartas tráchtála. Is réimse é sin ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a*

*bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil a ghlacadh, gníomh ar cinneadh é sa chás seo, is éard atá ann gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substainteach dlí

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús substainteach dlí le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach aonair dlí, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte nó de réir na haidhme nó na comhpháirte is ceannasaí.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le comhbheartas tráchtála an Aontais.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús substainteach dlí don chinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atáthar a bheartú.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfar aguisíní d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála a leasú leis an ngníomh ón gCoiste um Thrádáil, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

[3] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2021/0277 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil idir an Cholóim, Eacuadór, Peiriú agus an tAontas i ndáil le modhnuithe ar Aguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú lenar bunaíodh Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile ('an Comhaontú') shínigh an tAontas é an 26 Meitheamh 2012 i gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle maidir leis an gColóim agus Peiriú, agus shínigh an tAontas an Comhaontú an 11 Samhain 2016 i gcomhréir le Cinneadh 2016/2369/AE ón gComhairle maidir le hEacuadór. De bhun Airteagal 330(3) den Chomhaontú, tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Márta 2013 idir an tAontas agus Peiriú, ón 1 Lúnasa 2013 idir an tAontas agus an Cholóim, agus ón 1 Eanáir 2017 idir an tAontas agus Eacuadór.

(2) De bhun Airteagal 13, fhomhír 2(g)(iii) den Chomhaontú féadfaidh an Coiste um Thrádáil na forálacha sin a mhodhnú maidir le forálacha Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, forálacha a bhaineann le sainiú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin.

(3) Tá an Coiste um Thrádáil le Cinneadh a ghlacadh, trí nós imeachta i scríbhinn, maidir le hAguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a mhodhnú. Maidir le Aguisín 2 (Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe), Aguisín 2A (Foscríbhinn a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) agus Aguisín 5 (Táirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Eacuadór, Peiriú maidir leo), atá bunaithe ar Chóras Comhchuibhithe 2007, ba cheart iad a ailíniú leis na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha atá sa Chóras Comhchuibhithe nuashonraithe mar is infheidhme ó 2017. Áirítear san ailíniú sin na hathruithe a tugadh isteach le CC 2012, agus CC 2017, maidir le rialacha táirgeshonracha in Aguisíní 2, 2A agus 5. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, agus líon na leasuithe is gá a dhéanamh ar na hAguisíní á chur san áireamh, ba cheart na hAguisíní ina n-iomláine a ionadú.

(4) Meastar go nglacfar an Cinneadh ón gCoiste um Thrádáil roimh dheireadh 2021.

(5) An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, is iomchuí é a shuíomh, óir beidh na cinntí a ghlacfar ina gceangal ar an Aontas.

(6) Ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil maidir leis na modhnuithe ar Aguisíní 2, 2A agus 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 2*

A luaithe a ghlacfar é, foilseofar an Cinneadh ón gCoiste um Thrádáil dá dtagraítear in Airteagal 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*